An Roinn Oideachais
Department of Education

12 Eanáir 2021

Tuismitheoirí le daltaí/scoláirí atá ag gabháil don chianfhoghlaim

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú agus do theaghlach slán agus sábháilte ag an am deacair seo.

Mar is eol duit, ó inniu Luan an 11 Eanáir, beidh scoileanna dúnta do dhaltaí/scoláirí agus bogfaidh gach dalta/scoláire ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile ar aghaidh chuig clár cianfhoghlama.

Cé go bhfuil an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) den tuairim gur timpeallachtaí sábháilte iad scoileanna go fóill, cinneadh iad a dhúnadh chun gluaiseacht an daonra ar fad a íoslaghdú agus chun tacú le víreas Covid-19 a chur faoi chois sa phobal. Cumasóidh sé sin do gach duine an líon teagmhálacha a bhíonn acu a ghearradh ar mhaithe le leathadh an víris a laghdú agus filleadh tapa ar an scoil a éascú do chách.

Cianfhoghlaim le linn na tréimhse seo

Tar éis dhúnadh na scoileanna anuraidh, d'oibrigh an Roinn lena gcuid comhpháirtithe oideachais leis na treoir maidir le cianfhoghlaim agus cianmhúinteoireacht a athbhreithnigh. Bhí comhaontú idir na páirtithe leasmhara ar fad anuraidh agus eisíodh na treoir ar line do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag faoi seach.

Le linn na tréimhse seo, ceanglaítear ar gach múinteoir, lena n-áirítear múinteoirí oideachais speisialta, leanúint le tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim do gach dalta/scoláire atá ina ngrúpa ranga/ábhair nó ar a n-ualach cásanna.

Cuireadh scoileanna ar an eolas faoin ngá atá ann le soláthar cuí agus tacaíocht chuí a chinntiú do dhaltaí/scoláirí le linn an ama seo. Cuireadh gach scoil ar an eolas faoin ngá atá ann le plean teagmhasach a fhorbairt don chianfhoghlaim, ar plean é atá oiriúnach d'aoiseanna agus céimeanna difriúla na leanaí. Soláthraíodh treoir do na scoileanna maidir leis an dea-chleachtas ina leith sin. Tugtar faoi deara sa treoir sin go bhfuil sé an-tábhachtach go dtacófaí le foghlaim gach dalta/scoláire ag an am seo, go háirithe iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus/nó luathfhágála scoile. Leagtar amach sa treoir freisin na ceanglais atá le comhlíonadh ag scoileanna. Tá na ceanglais sin liostaithe ag deireadh na litreach seo.

Norma Foley
An tAire Oideachais
Minister for Education

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2335 | Minister@Education.gov.ie
www.education.gov.ie

Tugadh cistiú do scoileanna faoin scéim deontas TFC agus cistiú dar luach iomlán €100m á sholáthar sa bhliain 2020. Moladh do scoileanna tús áite a thabhairt do ghléasanna a cheannach do dhaltaí/scoláirí ar féidir nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna don chianfhoghlaim. Rinne na seirbhísí Tacaíochta Scoile a gcistíonn an Roinn iad raon ábhar a fhorbairt chun cabhrú le múinteoirí ardán ar líne a úsáid chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú. Tá raon tacaí éagsúla ar fáil do scoileanna ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ó Ionaid Oideachais agus ón Lárionad um Cheannaireacht Scoile.

Ghlac múinteoirí ar fud na tíre go sármhaith leis an oiliúint agus leis na tacaí atá ar fáil sa réimse seo, agus tá a fhios agam go ndéanfaidh scoileanna a seacht ndícheall sna himthosca deacra seo chun an t-eispéireas is fearr is féidir a sholáthar do dhaltaí/scoláirí. Thar na laethanta atá le teacht, déanfaidh scoileanna teagmháil dhíreach le tuismitheoirí maidir leis na pleananna agus na socruithe atá i bhfeidhm acu don chianfhoghlaim.

Leanfaidh Cigireacht na Roinne le seirbhís chomhairleach a thairiscint do scoileanna chun tacú leis an gcianfhoghlaim a sholáthar agus leanfaidh sí le cúnamh a thabhairt do cheannairí scoile go háirithe. Déanfaidh an Chigireacht meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais do dhaltaí/scoláirí ag an am seo agus tabharfaidh sí tuairisc ar an méid sin freisin.

Filleadh ar an bhfoghlaim i bpearsa i ngach scoil

Is eol don Roinn go bhfuil iarmhairtí an-díobhálach ag an dúnadh scoile do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí i gcoitinne. I gcás leanaí, téann sé i bhfeidhm ar a gcuid folláine, foghlama agus forbartha sóisialta agus mothúchánaí.

Imríonn an dúnadh scoile tionchar suntasach ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Méadaíonn an dúnadh scoile an imní atá ar scoláirí faoi scrúduithe stáit freisin, go háirithe scoláirí sa chohórt Ardteistiméireachta.

Áiríodh leis an gcinneadh ón Rialtas an fhoráil go gcoinneofaí an fhoghlaim i bpearsa ar bun do dhá chohórt shonracha ón Luan an 11 Eanáir, is iad sin: daltaí/scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta agus scoláirí Ardteistiméireachta atá sa bhliain deiridh. D'ainneoin gur dheimhnigh an Rannóg Sláinte Poiblí go bhfuil scoileanna fós sábháilte, tharla sé, ar an drochuair, nach rabhthas in ann teacht ar chomhaontú chun an fhoghlaim i bpearsa a sholáthar don dá ghrúpa sin. Mar sin, níl an dara rogha ann ach sos a chur ar an athoscailt theoranta

agus leanúint le dul i dteagmháil le comhpháirtithe. Coinneoidh mé tuismitheoirí na ndaltaí/scoláirí lena mbaineann ar an eolas faoin teagmháil sin.

Tá an chomhairle sláinte poiblí is déanaí a fuair an Rialtas ar fáil anseo. Leagtar amach go soiléir inti gur timpeallachtaí sábháilte iad scoileanna agus gur éirigh leis na bearta cosanta agus leis na tacaí móra a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le scoileanna.

Nuair a tháinig cásanna chun cinn i scoileanna, d'oibrigh na foirne scoile breisithe ar chuir an Rannóg Sláinte Poiblí agus an Roinn i bhfeidhm iad go héifeachtach chun tacú le scoileanna. B'íseal an leibhéal tarchuir i scoileanna. Mar gheall air sin, tá sé mar aidhm againn go fóill gach dalta/scoláire a chur i mbun na foghlama i bpearsa an athuair a luaithe is féidir déanamh amhlaidh.

Tacaí agus folláine

Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh daltaí/scoláirí leanúnachas na foghlama le linn na tréimhse seo, a mhéid is féidir le do theaghlach é sin á éascú, agus aird á tabhairt ar aois agus céim do linbh. Cé gur léiríodh sa taighde a rinneadh in Éirinn agus thar lear araon go ndeachaigh an fhoghlaim ar líne chun tairbhe do dhaltaí/scoláirí áirithe le linn thréimhse an dúnta scoile, léiríodh ann freisin nárbh ionann an fhoghlaim ar líne agus an t-eispéireas foghlama ionscoile.

Is eol dúinn go léir go mbíonn sé deacair rannpháirtíocht uasta sa chianfhoghlaim a bhaint amach agus go mbíonn a lán éileamh agus srianta san iomaíocht léi. Is é an chomhairle is fearr ná go dtabharfá do do leanbh cibé tacaíocht is féidir leat a thabhairt agus go dtabharfá tús áite d'fholláine do linbh agus do d'fholláine féin le linn na tréimhse seo, agus cothromaíocht á baint amach idir é sin agus an tacaíocht don fhoghlaim.

Tá naisc chuig roinnt de na tacaí atá ar fáil tugtha thíos.

Guím gach rath ort agus ar do theaghlach ag an am seo, agus tá súil agam go mbeidh mé i dteagmháil leat go luath maidir le filleadh sábháilte ar an bhfoghlaim i bpearsa do chách.

Le dea-mhéin,

Norma Foley TD
Minister for Education

Faisnéis maidir leis an treoir a soláthraíodh do scoileanna maidir leis an gcianfhoghlaim

Sa treoir a soláthraíodh do scoileanna, tugtar faoi deara go bhfuil sé an-tábhachtach go dtacófaí le foghlaim gach dalta/scoláire ag an am seo, go háirithe iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus/nó luathfhágála scoile. Leagtar na ceanglais seo a leanas amach sa treoir freisin:

- **Teagmháil thráthrialta le daltaí/scoláirí:** Tá sé tábhachtach go rachadh múinteoirí i dteagmháil lena gcuid daltaí/scoláirí. I suíomh bunscoile, b'fhearr go ndéanfadh siad amhlaidh ar bhonn laethúil. I gcomhthéacs iar-bhunscoile, ba cheart do mhúinteoirí dul i dteagmháil le scoláirí de réir an ghnáth-amchláir scoile, a mhéid is féidir.
- **Meascán de thascanna/eispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleáiche:** Le linn na teagmhála idir an múinteoir agus an dalta/scoláire, ba cheart don mhúinteoir teagasc díreach a dhéanamh agus tascanna foghlama neamhspleáiche a shannadh lena ndéanamh ag na daltaí/scoláirí araon.
- **Deiseanna foghlama atá cuí agus spéisiúil:** Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go dtugtar sna tascanna foghlama roghnaithe deis do dhaltaí/scoláirí a gcuid foghlama a thaispeáint ar bhealach soiléir agus beacht.
- **Tascanna foghlama:** Ba cheart na tascanna roghnaithe a bheith ailínithe go sonrach le riachtanais an dalta/scoláire, lena n-áirítear daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ba cheart don mhúinteoir iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus aiseolas cuiditheach forbartha a thabhairt chun tacú leis na chéad chéimeanna eile d'fhoghlaim an dalta/scoláire.
- **Aiseolas dhá threo idir an baile agus an scoil:** Ba cheart do scoileanna a chinntiú go spreagtar aiseolas idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus idir múinteoirí agus a gcuid daltaí/scoláirí agus go dtacaítear leis an aiseolas sin. Ba cheart do scoileanna deiseanna indéanta inrochtana a thabhairt do gach dalta/scoláire chun samplaí dá gcuid oibre a chomhroinnt go tráthrialta leis an múinteoir/leis na múinteoirí i rith na seachtaine. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go gceartaítear aon obair a fhaightear agus go dtugtar aiseolas ábhartha ina leith.
- **Tacaíocht do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:** Ba cheart do mhúinteoirí oideachais speisialta leanúint le dul i dteagmháil leis na daltaí/scoláirí atá ar a n-ualach cásanna agus ba cheart do mhúinteoirí ranga/ábhair an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil ar aon dul le riachtanais a gcuid daltaí/scoláirí ar mhaithe leis an gcur isteach ar a bhfoghlaim agus ar a ndul chun cinn a íoslaghdú.

Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil anseo:

- Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair - Nollaig 2020: Do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta

- Treoir maidir le Teagasc agus Foghlaim Éigeandála ó chian i gComhthéacs COVID-19: Le haghaidh iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais

Ciorclán 0074/2020

- Tá treoir do thuismitheoirí/caomhnóirí ar leanúnachas scolaíochta ar fail anseo agus tá sé ar fáil i dteangacha éagsúla eile.

Folláine

Tá tábhacht ag baint le folláine gach linbh agus teaghlaigh. Dá réir sin, chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais raon tacaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit ar fáil sa rannán do thuismitheoirí ar gov.ie/schools. Coinnigh súil ar an suíomh, toisc go dtugtar an t-ábhar sin cothrom le dáta go tráthrialta: Gov.ie/schools/wellbeing.